2026/1399

23.6.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1399 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meitheamh 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1472 maidir le hAcadamh Taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1472 [1] maidir le hAcadamh Taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh.

(2) An 5 Meitheamh 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1158 [2] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1472.

(3) Ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2024/1472 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11(1) de Chinneadh (CBES) 2024/1472:

‘1. ‘Is é EUR 1 720 432,62 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an gclár oiliúna don tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 a chumhdach.

Is é EUR 1 702 807,39 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an gclár oiliúna don tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026 a chumhdach.

Is é EUR 1 605 444,39 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an gclár oiliúna don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027 a chumhdach.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 22 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. PANAYIOTOU

---

[1] Cinneadh (CBES) 2024/1472 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 maidir le hAcadamh Taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh (IO L, 2024/1472, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1472/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2025/1158 ón gComhairle an 5 Meitheamh 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1472 maidir le hAcadamh Taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh (IO L, 2025/1158, 6.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1158/oj).